Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

12440/25
ADD 15

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0191 (NLE)

COLAC 127
POLCOM 211
SERVICES 47
FDI 42

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 356 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle<br>maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 356 annex.

---

Faoi iamh: COM(2025) 356 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.9.2025
COM(2025) 356 final

ANNEX 10

# IARSCRÍBHINN

*a ghabhann leis an*

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile**

PRÓTACAL MAIDIR LE COMHAR

AIRTEAGAL 1

Prionsabail ghinearálta

1. Tugann na Páirtithe chun cuimhne bunú limistéir saorthrádála de bhun Airteagal 9.1 den Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de Pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den Pháirt eile (dá ngairtear 'Comhaontú Comhpháirtíochta AE–MERCOSUR' anseo feasta), i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 9.2 de Chomhaontú Comhpháirtíochta AE–MERCOSUR, a rannchuideoidh leis an ioncam agus an rathúnas foriomlán sa dá réigiún a mhéadú, agus leis an neamhionannas a laghdú, i gcomhréir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.

2. Tá na Páirtithe tiomanta do chomhpháirtíocht chomhair a rannchuideoidh le síocháin agus rathúnas, agus a bheidh bunaithe ar mheas, iontaoibh, agus luachanna agus leasanna comhroinnte, comhpháirtíocht lena n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta AE–MERCOSUR agus chun na deiseanna a thagann as an gComhaontú a thapú. Dá réir sin, is le fís a spreagtar na comhpháirtíochtaí comhair a dtugtar aghaidh orthu sa Phrótacal seo, fís lena sainíonn an dá Pháirtí go comhpháirteach na tosaíochtaí, an dearadh agus na cuspóirí atá á saothrú.

3. Aithníonn na Páirtithe go bhfuil gá le héascaíocht a dhéanamh ar oiriúnú ghníomhaithe eacnamaíocha MERCOSUR, go háirithe micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide agus fiontraithe (dá ngairtear 'FBManna' anseo feasta), mná, feirmeoirí beaga, pobail dhúchasacha agus pobail áitiúla agus thraidisiúnta, don timpeallacht nua eacnamaíoch agus trádála atá á giniúint ag bunú an limistéir saorthrádála, rud a chuirfidh ar a gcumas iomaíochas a bhaint amach i margaí MERCOSUR agus an Aontais, agus tairbhiú de Chomhaontú Comhpháirtíochta AE–MERCOSUR.

4. Dá bhrí sin, chun na forálacha comhair a chumhdaítear in Airteagal 4.2 de Chomhaontú Comhpháirtíochta AE–MERCOSUR a chomhlánú, athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanas páirt a ghlacadh i gcomhpháirtíochtaí comhair arb é is príomhchuspóir dóibh éascaíocht a dhéanamh ar chur chun feidhme Chomhaontú Comhpháirtíochta AE–MERCOSUR, agus béim faoi leith ar Chuid III de, trí rannchuidiú lena gcumas leas iomlán a bhaint as na deiseanna a thiocfaidh chun cinn mar thoradh ar Chomhaontú Comhpháirtíochta AE–MERCOSUR agus trí aghaidh a thabhairt ar na tionchair dhíobhálacha fhéideartha ar earnálacha agus tionscail eacnamaíocha leochaileacha, agus an gá leis na dúshláin shonracha a bhíonn roimh thíortha talamhiata i mbéal forbartha á gcur san áireamh.

5. An comhar atá beartaithe faoin bPrótacal seo, féadfaidh gníomhaíochtaí a bheith i gceist leis a bhfuil baint ag gach Stát Sínithe MERCOSUR leo nó a bhfuil baint ag Stát Sínithe MERCOSUR amháin nó roinnt Stáit Sínithe MERCOSUR aonair leo in earnálacha agus deighleoga ar leith, lena n-áirítear a FBManna. Bainfidh na Páirtithe leas iomlán as na deiseanna a thugtar, *'inter alia'*, leis an gClár Oibre Infheistíochta Global Gateway idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib.

6. Comhaontaíonn na Páirtithe gur féidir le MERCOSUR agus Stáit Sínithe MERCOSUR tairbhiú de gach cineál acmhainne dá ndéantar foráil faoin bPrótacal seo, agus na dúshláin shonracha a bhíonn roimh thíortha talamhiata i mbéal forbartha á gcur san áireamh, i measc nithe eile, chun rochtain ar an margadh a áirithiú, chomh maith le comhdheiseanna chun tairbhiú de Chomhaontú Comhpháirtíochta AE–MERCOSUR.

AIRTEAGAL 2

Sásraí airgeadais

Féadfaidh deontais, iasachtaí, ráthaíochtaí agus comhar teicniúil a bheith san áireamh i dtacaíocht airgeadais ón Aontas agus d'fhéadfaí í a chomhtháthú le hacmhainní MERCOSUR agus acmhainní Stáit Sínithe MERCOSUR, chomh maith le hacmhainní airgeadais eile ó institiúidí airgeadais náisiúnta, réigiúnacha agus idirnáisiúnta, chun cuspóirí Chomhaontú Comhpháirtíochta AE–MERCOSUR a shaothrú a thuilleadh. Féachfaidh an tAontas Eorpach freisin le clár sonrach MERCOSUR a bhunú mar phríomhchainéal chun an comhar faoi Chomhaontú Comhpháirtíochta AE–MERCOSUR a chuíchóiriú agus is féidir leis úsáid a bhaint freisin as cláir agus ionstraimí atá ann cheana chun cúnamh a threorú i dtreo MERCOSUR agus Stáit Sínithe MERCOSUR, agus úsáid á baint as cláir dhéthaobhacha agus réigiúnacha araon, mar aon le hiasachtaí agus ráthaíochtaí buiséadacha le haghaidh institiúidí maoinithe forbraíochta. I gcomhréir le Tionscnamh Fhoireann na hEorpa an Choimisiúin Eorpaigh, féadfaidh ranníocaíochtaí ó na Ballstáit, agus ní ranníocaíochtaí ó bhuiséad an Aontais amháin, a bheith san áireamh sa tacaíocht ón Aontas Eorpach. I bhfianaise na gcoinníollacha eacnamaíocha agus trádála nua a d'fhéadfadh teacht as Comhaontú Comhpháirtíochta AE–MERCOSUR, beidh acmhainní nua san áireamh leis an tacaíocht airgeadais ón Aontas Eorpach, acmhainní nach bhfuil ar fáil faoi láthair faoi chláir eile, atá le treorú trí chlár shonrach MERCOSUR mar a leagtar amach thuas, más féidir.

AIRTEAGAL 3

Faireachán agus cur chun feidhme

1. Tugann na Páirtithe chun cuimhne gur bunaíodh Fochoiste um Chomhar Idirnáisiúnta agus Forbairt, de bhun Airteagal 2.4(6) de Chomhaontú Comhpháirtíochta AE–MERCOSUR, chun cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí comhair a chur chun cinn, a chomhordú agus a mhaoirsiú sna réimsí dá dtagraítear i gCuid II de Chomhaontú Comhpháirtíochta AE–MERCOSUR, agus chun obair leantach, faireachán, agus meastóireacht a dhéanamh ar na tograí comhair sin freisin.

2. I dteannta na gcúraimí dá bhforáiltear in Airteagal 2.4 de Chomhaontú Comhpháirtíochta AE–MERCOSUR, treoróidh an Fochoiste um Chomhar Idirnáisiúnta agus Forbairt cláir chomhpháirtíochta na hoibre comhpháirtí maidir le comhar arna bunú sa Phrótacal seo, saineoidh sé na tosaíochtaí iontu agus múnlóidh sé a ndearadh, agus déanfaidh sé faireachán rialta freisin ar infhaighteacht cistí le haghaidh na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear iontu. Ina theannta sin, féadfaidh sé moltaí a chur faoi bhráid an Chomhchoiste dá dtagraítear in Airteagal 2.3 de Chomhaontú Comhpháirtíochta AE–MERCOSUR.

3. Chun chun cur chun feidhme éifeachtach an chomhair faoi Chomhaontú Comhpháirtíochta AE–MERCOSUR a phleanáil, comhaontaíonn na Páirtithe tús a chur le plé a dhéanamh, san Fhochoiste um Chomhar Idirnáisiúnta agus Forbairt, ar ghníomhaíochtaí comhair leanúnacha agus beartaithe, laistigh d'aon bhliain amháin i ndiaidh theacht i bhfeidhm Chomhaontú Comhpháirtíochta AE–MERCOSUR nó i ndiaidh tús a chur lena chur i bhfeidhm sealadach. Tiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú laistigh den tréimhse sin freisin, ag gníomhú dóibh faoi chuimsiú an Fhochoiste um Chomhar Idirnáisiúnta agus Forbairt, maidir leis an bpróiseas chun tionscadail a thiocfaidh faoi raon feidhme an Phrótacail seo a fhormheas.